TFI TRANSPORT FOR IRELAND




# Tá Gréasán nua BusConnects á chur i bhfeidhm in Iarthar Bhaile Átha Cliath

## Bealaí Chéim 4

**G1** Luas na Bó Deirge - Baile Formaid - Lár na Cathrach - Duga Spencer (24h)

**G2** I.S. Ghleann na Life - Baile Formaid - Lár na Cathrach - Duga Spencer (24h)

**60** Luas na Bó Deirge - Cluain Dolcáin - Gort na Silíní - Baile Formaid - Bóthar na nDéise - Droichead na hInse - Lár na Cathrach - Cé Sir John Rogerson

Á sheoladh an 16 Deireadh Fómhair 2022

Bus Átha Cliath Dublin Bus

## Gréasán nua BusConnects

Tá an gréasán nua ag teacht sna sála ar thrí bhabhta comhairliúcháin phoiblí, a tháinig chun deiridh sa bhliain 2020. Cuirfidh sé feabhas ar ghréasán reatha Transport for Ireland (TFI) trí sheirbhísí bus breisithe a mbeidh dromlaigh ardmhinicíochta agus bealaí áitiúla nua, cuarbhealaí nua agus bealaí gathacha nua i gceist leo a sholáthar.

Tabharfar an gréasán nua seo isteach de réir a chéile sna blianta atá amach romhainn. Baineann an chéim seo le seirbhísí in Iarthar Bhaile Átha Cliath lena bhfreastalófar ar limistéir amhail:

- Bóthar Chnoc an Fhuaráin
- I.S. Ghleann na Life
- An Pháirc Thiar
- Luas na Bó Deirge
- Cluain Dolcáin
- Gort na Silíní
- Baile Formaid
- Inse Chór
- Stáisiún Heuston
- Sráid Thomáis
- Duga Spencer
- Cé Sir John Rogerson

Áirítear na nithe seo leis an líon ard buntáistí a ghabhann le BusConnects:

- Toilleadh méadaithe agus minicíocht mhéadaithe
- Seirbhísí méadaithe ar fud an lae, san oíche agus ag an deireadh seachtaine
- Ticéadú feabhsaithe chun cómhalartú saor in aisce idir seirbhísí a éascú





## Táimid ag dul isteach i gCéim 4 d'Athdhearadh an Ghréasáin anois

Is é atá i gceist le Céim 4, a thosóidh 16 Deireadh Fómhair, ná Bealaí G1, G2 agus 60 de chuid Dhromlach G a thabhairt isteach. Oibreoidh Bus Átha Cliath gach ceann díobh.

Déanfar é sin i gcomhthráth leis na bealaí seo a leanas a bhaint:

- An **chuid iartharach de Bhealach 40** idir Gleann na Life agus Lár na Cathrach
- **Bealach 79** Cé Aston - Páirc an Spidéil / Gort na Silíní
- **Bealach 79a** Cé Aston - an Pháirc Thiar

## Táillí

Tá feidhm ag Táille 90 Nóiméad TFI maidir leis an gcuid is mó de thurais i limistéar Bhaile Átha Cliath nuair atá Cárta TFI Leap á úsáid. Áirítear léi an rogha chun aistriú saor in aisce idir seirbhísí Bus Chathair Bhaile Átha Cliath (Bus Átha Cliath agus Go-Ahead Ireland), seirbhísí Luas, seirbhísí DART agus seirbhísí iarnróid comaitéireachta (criosanna 1 go 4 sa Chrios Turais Ghairid).
Níl le déanamh agat ach do thuras deiridh a thosú laistigh de 90 nóiméad ón gcéad cheann.

TFI 90 MINUTE FARE

| Táillí TFI Leap | Aosach | Aosach Óg / Mac Léinn | Leanbh |
|---|---|---|---|
| Táille Ghairid | €1.30 | €0.65 | €0.65 |
| Táille 90 Nóiméad TFI | €2.00 | €1.00 | €0.65 |

# Treoir Minicíochta: G1, G2 agus 60.

## Laethanta le linn na seachtaine

| Uimhir bhealaigh | | A.M. | | | | | | | | | | | | P.M. | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| | | Is é an uimhir i ngach bosca thíos an t-am ionchais idir busanna, léirithe ina nóiméid | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Dromlach G** | **Cuid chomhcheangailte: Baile Formaid - Lár na Cathrach - Duga Spencer** | gach 30 nóiméad | | | | | 15 | 8 | 6 | 5 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 6 | 6 | 6 | 8 | 8 | 8 | 8 | 15 |
| **G1** | **Luas na Bó Deirge - Baile Formaid - Lár na Cathrach - Duga Spencer** | gach 60 nóiméad | | | | | 30 | 15 | 12 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 12 | 12 | 12 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **G2** | **I.S. Ghleann na Life - Baile Formaid - Lár na Cathrach - Duga Spencer** | gach 60 nóiméad | | | | | 30 | 15 | 12 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 12 | 12 | 12 | 15 | 15 | 15 | 15 | 30 |
| **60** | **Luas na Bó Deirge - Cluain Dolcáin - Gort na Silíní - Bóthar na nDéise - Cé Sir John Rogerson** | - | | | | | gach 60 nóiméad* | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

## An Satharn

| Uimhir bhealaigh | | A.M. | | | | | | | | | | | | P.M. | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| | | Is é an uimhir i ngach bosca thíos an t-am ionchais idir busanna, léirithe ina nóiméid | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Dromlach G** | **Cuid chomhcheangailte: Baile Formaid - Lár na Cathrach - Duga Spencer** | gach 30 nóiméad | | | | | 15 | 15 | 10 | 10 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 10 | 10 | 10 | 10 | 15 |
| **G1** | **Luas na Bó Deirge - Baile Formaid - Lár na Cathrach - Duga Spencer** | gach 60 nóiméad | | | | | 30 | 30 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **G2** | **I.S. Ghleann na Life - Baile Formaid - Lár na Cathrach - Duga Spencer** | gach 60 nóiméad | | | | | | 30 | 20 | 20 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 |
| **60** | **Luas na Bó Deirge - Cluain Dolcáin - Gort na Silíní - Bóthar na nDéise - Cé Sir John Rogerson** | - | | | | | | gach 60 nóiméad | | | | | | | | | | | | | | | | | |

## An Domhnach agus Laethanta Saoire Bainc

| Uimhir bhealaigh | | A.M. | | | | | | | | | | | | P.M. | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| | | Is é an uimhir i ngach bosca thíos an t-am ionchais idir busanna, léirithe ina nóiméid | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Dromlach G** | **Cuid chomhcheangailte: Baile Formaid - Lár na Cathrach - Duga Spencer** | gach 30 nóiméad | | | | | | | | 15 | 15 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 |
| **G1** | **Luas na Bó Deirge - Baile Formaid - Lár na Cathrach - Duga Spencer** | gach 60 nóiméad | | | | | | | | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **G2** | **I.S. Ghleann na Life - Baile Formaid - Lár na Cathrach - Duga Spencer** | gach 60 nóiméad | | | | | | | | 30 | 30 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| **60** | **Luas na Bó Deirge - Cluain Dolcáin - Gort na Silíní - Bóthar na nDéise - Cé Sir John Rogerson** | - | | | | | | | gach 60 nóiméad | | | | | | | | | | | | | | | | |

Sa tábla thuas, tugtar neastreoir maidir le minicíochtaí.
Féach **transportforireland.ie** chun tuilleadh faisnéise a fháil.


Cuirfear turais bhreise bhuaic-ama ar áireamh i mbealach 60 le linn an téarma scoile, le haghaidh bhuaic-amanna na maidine agus bhuaic-amanna an tráthnóna araon, idir Gort na Silíní agus Lár na Cathrach.



## Athruithe ar Bhealach 40:

Ón 16 Deireadh Fómhair i leith, ní rachaidh **Bealach 40** ó Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life go Lár na Cathrach a thuilleadh toisc go mbeidh Bealach **G2** nua ag teacht isteach in ionad na coda sin. Rachaidh **Bealach 40** nua ó Ionad Siopadóireachta Bhaile Shéarlais go hArdán Phort an Iarla/Sráid Líosain.

Conas is féidir cómhalartú idir Dromlach G agus Bealach 40:




## Scor de Bhealach 79/79a:

Ón 16 Deireadh Fómhair i leith, ní bheidh Bealaí **79** agus **79a** i mbun oibre a thuilleadh toisc go mbeidh na bealaí nua ag teacht isteach ina n-ionad. I roinnt áiteanna, amhail Páirc an Spidéil agus Bóthar na nDéise, is féidir go mbeidh sé níos tapa siúl ar feadh fad gairid go Bealaí **G1** nó **G2**, a mbeidh seirbhís mhinic acu. Beidh seirbhís dhíreach go lár na cathrach ó do stad reatha ar fáil fós ar **Bhealach 60**. Tairgfidh **Dromlach G** an-ardmhinicíocht agus seirbhís úrnua thar oíche.

## Cómhalartú le modhanna eile ar Ghréasán TFI

Leis an ngréasán nua, soláthraítear naisc níos fearr ar fud na modhanna iompair uile.

## G1 agus G2:

- Is féidir leat bealach **G1** a úsáid chun cómhalartú le seirbhísí Líne Dhearg Luas ag Luas na Bó Deirge. Is féidir leat Bealaí **G1** agus **G2** a úsáid chun cómhalartú le Líne Dhearg Luas in aice láimhe ag Stáisiún Uí Chonghaile agus ag Duga Spencer freisin.
- Is féidir leat bealach **G1** a úsáid chun cómhalartú le seirbhísí Iarnród Éireann ag Stáisiún na Páirce Thiar agus Ghort na Silíní. Is féidir leat Bealaí **G1** agus **G2** a úsáid chun cómhalartú le seirbhísí Iarnród Éireann in aice láimhe ag Stáisiún Uí Chonghaile freisin.
- I Lár na Cathrach, is féidir Bealaí **G1** agus **G2** araon a úsáid chun cómhalartú lena lán seirbhísí eile bus, lena n-áirítear Cuarbhealach nua **N4** ag Sráid Wapping Nua. Is féidir leat cómhalartú le seirbhísí Bhus Éireann ag Busáras, atá in aice láimhe.
- San Iarthar, is féidir bealach **G2** a úsáid chun cómhalartú le raon leathan seirbhísí de chuid TFI i nGleann na Life.

## Bealach 60:

- Is féidir leat **Bealach 60** a úsáid chun cómhalartú le seirbhísí Líne Dhearg Luas ag Luas na Bó Deirge, le seirbhísí Iarnród Éireann ag Stáisiún na Páirce Thiar agus Ghort na Silíní agus le seirbhísí Luas agus Iarnród Éireann ag Stáisiún Heuston agus ag Stáisiún Uí Chonghaile in aice láimhe.
- I Lár na Cathrach, is féidir **Bealach 60** a úsáid chun cómhalartú lena lán seirbhísí eile bus de chuid TFI. Is féidir leat cómhalartú le seirbhísí Bhus Éireann ag Busáras, atá in aice láimhe.

Chun do thuras a phleanáil agus chun amharc ar roghanna eile le haghaidh cómhalartú, tabhair cuairt ar **transportforireland.ie**

## Cineálacha Bealaigh an Ghréasáin Nua

Le hathdhearadh an ghréasáin, tugtar isteach cúig chineál bealaigh, a n-oibríonn gach ceann díobh ar shlite difriúla.

### Dromlach

Is é atá i ndromlaigh ná bealaí an-mhinic atá comhdhéanta de sheirbhísí bus aonair atá amchláraithe chun obair le chéile thar a gcodanna coiteanna.

### Gathach

Is é atá i mbealaí gathacha ná seirbhísí eile a oibríonn isteach i lár cathrach Bhaile Átha Cliath. Níl na seirbhísí sin ina gcuid d'aon dromlach agus oibríonn siad de réir a n-amchlár féin.

### Cuarbhealach

Soláthraíonn cuarbhealaí naisc idir bruachbhailte, gan aon ghá le taisteal isteach i lár na cathrach.

### Bealaí le linn Buaic-amanna Amháin/ Mearbhealaí

Oibríonn bealaí buaic-amanna le linn tréimhsí buaic-ama taistil, agus toilleadh breise á sholáthar acu feadh príomhchonairí bus. Is é atá i mearbhealaí ná seirbhísí díreacha ó na bruachbhailte amuigh go lár na cathrach le linn buaic-uaireanta, agus iad ag freastal ar stadanna teoranta chun paisinéirí a thabhairt chun a gcinn scríbe ar shlí níos tapa.

### Áitiúil

Soláthraíonn bealaí áitiúla naisc chuig lárionaid áitiúla agus nascann siad le naisc iompair ar aghaidh.

## Buntáistí chlár BusConnects

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathracha na hÉireann.

Soláthróidh sé acmhainn bhreise agus minicíocht mhéadaithe, go háirithe sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine. Tabharfar tuilleadh seirbhísí 24 huaire an chloig isteach, rud a chabhróidh le sealoibrithe agus a thacóidh leis an ngeilleagar oíche.

Leis an Athdhearadh Gréasáin BusConnects i mBaile Átha Cliath, táthar ag tabhairt isteach dromlach ardmhinicíochta agus bealaí gathacha a oibreoidh isteach i lár cathrach Bhaile Átha Cliath, cuarbhealaí nua le haghaidh turais níos gasta ar fud limistéir fho-uirbeacha, agus bealaí áitiúla nua chun naisc thábhachtacha a sholáthar laistigh de limistéir áitiúla. Soláthróidh seirbhísí le linn buaic-amanna acmhainn bhreise ag na hamanna taistil is gnóthaí.

**230 km** de lánaí bus tosaíochta, rud a fhágfaidh go mbeidh turais níos tapa agus níos iontaofa

**Stadanna agus scáthláin nua bus -** a bhfuil comharthaí níos fearr agus faisnéis níos fearr acu


**Córas nua** simplithe táillí

**Áiseanna nua Páirceála agus Taistil** ag príomhláithreacha

**Flít bus astaíochtaí ísle**

**200 km** de lánaí/raonta rothar

**Libhré nua bus** lena soláthraítear stíl choiteann ar fud oibritheoirí uile TFI



## Chun faisnéis a fháil, déan teagmháil le:
### Bus Átha Cliath:

01 873 4222

customercomment@dublinbus.ie

www.dublinbus.ie

Reáchtálann Bus Átha Cliath an Scéim Cúnaimh Taistil thar ceann Transport for Ireland laistigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Tá sé mar aidhm léi cabhrú le custaiméirí an t-iompar poiblí a úsáid ina n-aonar, go háirithe na custaiméirí sin atá faoi mhíchumas nó a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu.

Tá an scéim ar oscailt do gach duine os cionn ocht mbliana déag d'aois, agus tá sí ar fáil ar bhusanna Chathair Bhus Átha Cliath (a n-oibríonn Bus Átha Cliath agus Go-Ahead Ireland iad) agus ar sheirbhísí Luas agus DART i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi conas an scéim a úsáid, cuir glao ar **(01) 703 3204** nó seol ríomhphost chuig **travel.assist@dublinbus.ie**

**Faigh na haipeanna:**

National Journey Planner

Real Time Ireland

TFI Leap Top Up

Driver Check

**www.transportforireland.ie**

Pleanáil do Thuras — Plan your journey

Féach faisnéis bheo faoi thurais amach — See live departures

Cuir breis airgid i gCárta TFI Leap — Top-up your TFI Leap Card

## Íoslódáil ó
## Download from

GET IT ON Google Play

Download on the App Store

**transportforireland.ie**



TFI TRANSPORT FOR IRELAND